

An Francach Iontach

Seanscéal ón India



Leathanach bán

An Francach Iontach

Seanscéal ón India

Lá den tsaol, mhair francach breá liath a raibh ruball fada liath air. Théadh Francach thart agus a ruball fada liath crochta ar a sciathán. Ag dul thart dó chanadh sé:

“Nach mé an francach ámharach!

Nach mé an francach cliste!”

Níor thaitin sé le Francach a bheith fliuch agus nuair a thosaíodh sé a chur fearthainne, ba ghnách leis poll domhain a thochailt agus dul i bhfolach sa pholl go stadadh an fhearthainn.

Tharla sé lá amháin gur thosaigh sé a chur go hiontach trom. Le linn dó poll a thochailt tháinig Francach ar fhréamh bhreá thirim.

“Go maith,” arsa Francach, “is féidir liom mo thine a lasadh leis an fhréamh seo. Tabharfaidh mé abhaile liom í.”

Nuair a bhí an fhearthainn thart, shiúil Francach leis abhaile, an fhréamh faoi ascaill amháin agus a ruball ar a sciathán eile. Agus é ag siúl, chan sé:

“Nach mé an francach ámharach!

Tá fréamh bhreá thirim agam.

Nach mé an francach cliste!”

Ar an bhealach abhaile casadh bean le cúigear páistí beaga air. Bhí an cúigear páistí beaga ag screadach agus ag caoineadh.

“A leithéid de challán atá ar siúl agat!” arsa Francach.

“Cad é atá cearr ar chor ar bith?”

“Tá mo chuid páistí ag caoineadh ar an ábhar go bhfuil ocras orthu,” arsa an bhean. “Tá mé ag iarraidh tine a chur síos le roinnt cácaí a dhéanamh ach tá an t-adhmad tais agus ní dhófaidh sé.”

“Ó,” arsa Francach, “is furasta sin a leigheas. Tá fréamh bhreá thirim agam. Glac thusa í agus coigil do thine.”

Thóg an bhean an fhréamh agus las sí an tine. Nuair a bhí an tine ag dó go croíúil, thosaigh an cúigear páistí beaga a gháire. Arsa an bhean, “Is cineálta go deo an francach thú! Thug tú do fhréamh bhreá thirim dom agus anois tabharfaidh mise píosa taois duit.”

Thug Francach an taos leis agus rith sé ar aghaidh, an taos faoi ascaill amháin agus a ruball crochta ar an sciathán eile.

Ag rith dó, chan sé:

“Nach mé an francach ámharach!”

Bhí seanfhréamh agam ach tá taos agam anois.

Nach cliste an francach mé!”

I ndiaidh dó tamall beag eile a chaitheamh ar an bhealach, casadh potaire air a raibh seachtar páistí aige. Bhí an seachtar páistí beaga ag screadach agus ag caoineadh.

“A leithéid de challán atá ar siúl agat!” arsa Francach.

“Tá mo chuid páistí ag caoineadh ar an ábhar go bhfuil ocras orthu,” arsa an potaire. “Níl plúr ar bith againn le taos a dhéanamh go dtaga mo bhean abhaile.”

“Ó,” arsa Francach, “is furasta sin a leigheas. Tá píosa taois agamsa. Glac é agus dean cáca do do chuid páistí.”

Ghlac an potaire an taos agus chuir ar an fhriochtán é.

A fhad is a bhí an taos ar ghiollacht, thosaigh an seachtar páistí beaga a ghéara. Arsa an potaire:

“Is cineálta go deo an francach thú! Thug tú do chuid taois dom agus anois tabharfaidh mé an crúiscín is fearr atá agam duit.”

Thug Francach leis an crúiscín agus chuir ar a cheann é.

Choinnigh sé leathlámh leis an chrúiscín agus bhí a ruball crochta ar an leathlámh eile. Rith sé leis abhaile ag ceol:

“Nach mé an Francach ámharach!

Bhí seanfhréamh agam agus ansin seanphíosa taois.

Anois tá crúiscín breá agam.

Nach mé an francach cliste!”

Giota ar aghaidh ar an bhealach, casadh fear air a raibh trí bhuabhall aige. Bhí na trí bhuabhall ag búireach. Bhí an fear ag bleán ceann de na buabhaill ach bhí an bainne ag titim ar an bhealach agus ag dul amú.

“Is amaideach an mhaise duit sin a dhéanamh,” arsa Francach. “Cad chuige a bhfuil tú ag cur amú an bhainne mhaith sin?”

“Tá mo bhucéad cailte agam,” arsa an fear.

“Ó,” arsa Francach, “is furasta sin a leigheas. Tá crúiscín breá agam. Glac é agus cuir an bainne isteach ann.”

Chuir an fear an bainne sa chrúiscín agus nuair a chonaic na buabhaill an bainne sa chrúiscín stad siad den bhúireach. Arsa an fear:

“Is cineálta go deo an francach thú! Thug tú do chrúiscín breá dom agus anois tabharfaidh mé deoch bhainne duit.”

“Deoch bhainne mar aisíoc ar chrúiscín?” arsa Francach.

“Ní leor sin. Caithfidh tú buabhall a thabhairt dom.”

“Buabhall?” arsa an fear. “Cad é a dhéanfadh francach beag cosúil leatsa le buabhall ollmhór?”

“Chífidh tú!” arsa Francach. “Anois caithfidh tú teaghrán a cheangal fá mhuineál an bhuabhaill.”

Thug Francach leis ceann na téide ina lámh agus a ruball

An Francach Iontach
Seanscéal ón India



crochta ar an sciathán eile. Ag rith dó, cheol sé:

“Nach mé an francach ámharach!

Bhí seanfhréamh agus seanphíosa taois agam.

Bhí seanchrúiscín agam ach anois tá buabhall breá agam.

Nach mé an francach cliste!”

As siocair a laghad a bhí Francach agus a mhéad a bhí an

buabhall, b’éigean do Fhrancach an buabhall a leanúint

ba chuma cá ndeachaigh sé. Má chuaigh an buabhall ar

chlé, b’éigean do Fhrancach dul ar chlé. Má chuaigh an

buabhall ar dheis, b’éigean do Fhrancach dul ar dheis.

D’imigh siad leo, ag fágáil teach Fhrancaigh níos faide ina

ndiaidh de réir mar a chuaigh siad ar aghaidh.

I ndiaidh tamaill, tháinig fear saibhir agus a iníon an

bealach. Bhí an ghirseach ag caoineadh go cráite.

“A leithéid de challán atá ar bun agat!” arsa Francach.

“Cad é atá cearr ar chor ar bith?”

“Inniu lá breithe m’íníne,” arsa an fear saibhir, “agus

gheall mé go mbeadh féasta lá breithe aici. Ar an

drochuair níl feoil ar bith agam. Cad é mar is féidir linn

féasta lá breithe a bheith againn gan feoil?”

“Ó,” arsa Francach, “is furasta sin a leigheas. Tá buabhall

breá agam. Tabhair leat é agus beidh feoil go leor agat

faoi choinne fiche féasta lá breithe.”

Ghlac an fear saibhir an buabhall agus thoisigh an iníon a gháire.

“Is cineálta go deo an francach thú!” arsa an fear saibhir.

“Thug tú buabhall breá dom agus anois tabharfaidh mise cuireadh chun an fhéasta duit.”

“Féasta lá breithe mar aisíoc ar bhuabhall?” arsa Francach. “Ní leor sin. Caithfidh tú d’iníon a thabhairt dom.”

“M’iníon?” arsa an fear saibhir. “Cad é mar thiocfadh le francach beag cosúil leatsa aire a thabhairt do m’iníon?”

“Cad é an cineál tí is féidir leat a thabhairt di?”

“Is féidir liom poll breá sa talamh a thabhairt di,” arsa Francach.

Thosaigh sé a thochailt poll domhain. “Ní thig le m’iníon cónaí i bpoll!” arsa an fear saibhir. “Caithfidh sí teach breá a bheith aici. Cad é an cineál bia is féidir leat a thabhairt di?”

“Is féidir liom dias choirce a thabhairt di agus pis thirim,” arsa Francach.

“Níl m’iníon ábalta diasa agus piseanna tirime a ithe!” arsa an fear saibhir. “Caithfidh sí brachán ríse, cácaí, uibheacha milse agus deora siúcra a fháil. Cad é an cineál éadaí is féidir leat a thabhairt di?”

Níl éadaí ar bith agam faoina coinne,” arsa Francach.

“Beidh uirthi sníomh, fí agus a cuid éadaí féin a dhéanamh.”

“Ní féidir le m’íníon sníomh ná fí!” arsa an fear saibhir.

“Caithfidh sí éadaí breátha de shíoda agus de shról a bheith aici. Níl tú ábalta aire a thabhairt do m’íníon agus ní bheidh sí agat!”

Ansín d’imigh an fear saibhir agus a iníon agus thug siad leo an buabhall.

Chuir Francach a ruball ar a sciathán agus shiúil abhaile go brónach. Ag siúl dó, chan sé:

“Nach mé an francach mí-ámharach!

Bhí fréamh bhreá thirim agus píosa taois agam, bhí crúiscín agus buabhall agam ach anois tá siad uilig cailte agam.”

Nach mé an francach amaideach!”

Ach nuair a bhí píosa beag den bhealach siúlta aige, scairt iníon an fhir shaibhir air a theacht ar ais.

Ar sise,

“Thug tú buabhall dúinn agus mar aisíoc air sin tabharfaidh mise sparán de bhoinn óir duit.”

D’imigh Francach leis, an sparán ina lámh agus a ruball crochta ar a sciathán.

Ag rith dó, cheol sé:

“Nach mé an francach ámharach!

Bhí fréamh bhreá agus píosa taois agam.

Bhí crúiscín agus buabhall agam agus anois tá sparán de bhoinn óir agam.

Nach mé an francach cliste!”

Ar an bhealach abhaile, thug Francach bonn óir don fhear a raibh na buabhaill aige; agus thug sé bonn óir don photaire a raibh an seachtar páistí aige; thug sé bonn óir do bhean an chúigear páistí; agus thug sé an fuílleach abhaile chuig a theachín beag féin agus mhair sé go sona sásta ina dhiaidh sin.

Leathanach bán

